Féinmheastóireacht Scoile

Uimhreacht do Mheán Fómhair 2014 go Meitheamh 2017

1. Réamhrá

1.1. Fócas na Meastóireachta:

Cuid d'obair leanúnach Gaelscoil an Bhradáin Feasa is ea féinmheastóireacht scoile i dtaca leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Sonraíodh é sin, i bpáirt, a bhí mar mholadh san MSU agus trí shúil a choinneáil ar thorthaí don litearthacht Ghaeilge agus Béarla agus don uimhearthacht (torthaí trialacha caighdeánaithe). Déantar measúnú ar gach páiste ó rang a haon go rang a sé, lena n-áirítear páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Chinn an scoil tabhairt faoin Mata don dara chuid den fhéinmheastóireacht.

1.2 Comhthéacs na Scoile:

Is Gaelscoil i mbaile mór í Gaelscoil an Bhradáin Feasa atá faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta. Bunaíodh an scoil i 2007. Tá 417 páiste ar an rolla. Tá riachtanais oideachais speisialta íosmhinicíochta ag 11 páiste agus tugtar uaireanta acmhainne dóibh de bhun na riachtanas sin. Freastalaíonn ceathrar SNA ar riachtanais na bpáistí sin. Tá 15 múinteoir ranga móide 4.1 múinteoir acmhainne/múinteoir tacaíochta foghlama agus príomhoide riaracháin sa scoil. Tacaíonn tuismitheoirí go láidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Níl an Ghaeilge mar theanga baile ach ag clann amháin sa scoil. Tá an tumoideachas i bhfeidhm mar pholasaí scoile. Ní thosnaítear ar mhúineadh an Bhéarla go dtí i ndiaidh na Nollag sna Naíonáin Mhóra. Leagtar an-bhéim ar an nGaeilge mar theanga scoile, mar theanga chlóis agus mar theanga chumarsáide leis na tuismitheoirí.

2. Torthaí:

- Tugann scóranna trialacha caighdeánaithe na bpáistí le fios go bhfuil na scóranna peircintíl don Mhata níos airde ná na noirm náisiúnta. Níl ach 8.8% de scóranna na páiste faoin 16ú banda peircintíl agus tá 19.3% de na scóranna os cionn an 85% banda peircintíl.
- Léiríonn suirbhéanna na bpáistí go mbaineann 60 % de pháistí taitneamh as Mata
- Léiríonn suirbhéanna na bpáistí go bhfuil léibhéal an Mhata “díreach ceart” do thrí ceathrú dóibh
- Léiríonn suirbhéanna na bpáistí go bhfuil léibhéal ard féinmheas acu ar a gcumas sa Mhata (75%)
- Léirionn suirbhéanna na bpáistí nach gceapann formhór dóibh go n-usáideann siad Mata sa fíorshaol
- Léiríonn suirbhéanna na bpáistí nach gcuireann ach 8% dóibh ceist ar chara má tá fadhb acu leis an obair
- Léiríonn suirbhéanna na bpáistí nach n-usáidtear piar mar áis nuair atá an múinteoir ag iarraidh teacht i gcabhair ach an oiread
- I dtaobh obair ghrúpa de, dúirt na páistí nach mbíonn siad ag obair le páiste/ páistí eile ach corr uair agus nuair atá ní bhíonn an tromlach ag cabhrú lena chéile.
- Léiríonn suirbhéanna na múinteoirí go bhfuil réimse leathan gníomhaíochtaí fadhb réiteach á gclúdú sna ranganna
- Léiríonn suirbhéanna na múinteoirí nach bhfuil módh sainiúil in usáid chun tabhairt faoin bhfadhb réiteach ach ag 75%
- Léiríonn suirbhéanna na múinteoirí go bhfuil 35% ag lorg cabhrach i dtaobh an cur chuige obair ghrúpa mar mhódh múinte.
- Léiríonn suirbhéanna na múinteoirí go bhfuil polaisí ag teastáil i dtaobh na táblái de – an bhfuil gá iad a bheith ar eolas de ghlanmheabhair?
- Léiríonn suirbhéanna na múinteoirí go dtugann gach múinteoir aird ar na bealaí *difriúla* chun fadhb a réiteach
- Léiríonn suirbhéanna na múinteoirí go bhfuil ábhair coincréiteacha curtha ar fáil i ngach rang chun cabhrú leis an bhfadhb réiteach
- Léiríonn suirbhéanna na dtuistí go bhfuil níos mó eolais uathu i dtaobh an Mhata de – suíomhanna oiriúnacha don bhaile, eolas faoin gcur chuige dona hoibríochtaí difriúla srl.
- Léiríonn suirbhéanna na dtuistí go bhfuil gá an Mhata a cheangailt leis an bhfíorshaol

3. Dul chun cinn a rinneadh i dtaca le spriocanna feabhsúcháin a leagadh amach roimhe seo:
Chinn an scoil tabhairt faoin nGaeilge mar chuid den chéad FMS. Seo a lenas na spriocanna ón bplean feabhsúcháin atá bainte amach:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na bhfeidhmeanna teanga ón gCuraclam agus ó Shéideán Sí do na ranganna éagsúla.
- Go mbeidh teagasc na bhfeidmeanna teanga ina gcuid lárnach i ngach ceacht Gaeilge agus taifead a dhéanamh ar na feidhmeanna atá múinte agus in úsáid go cumarsáideach.
- Córas moladh/mealladh a choinneáil sa tsúil agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar bhotúin na bpáistí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige scoile maidir le múineadh na gramadaí, an litrithe agus na poncaíochta.
- Plean uile scoile a leagan amach do mhúineadh na seánraí i nGaeilge thar thréimhse dhá bhliain.
- Rúibric a dhearadh, ceann do na bunranganna agus ceann eile do na meán/ard ranganna bunaithe ar scríbhneoireacht.
- Iniúchadh agus úsáid phíolótach a bhaint as cur chuige mheasúnachta, e.g. fillteáin scríbhneoireachta, féin mheasúnú, próifílí measúnachta agus rúibric scríbhneoireachta le sprioc ghrúpa páistí.
- Cuirfear am i leataobh i bhféilire na scoile don obair seo de réir mar is cuí.

4. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile:

4.1 Láidreachtaí:

- Tá leibhéil ghnóthachtála san uimhearthact níos airde ná na noirm.
- Léiríonn na páistí dearcthaí dearfacha i leith na Matamaitice i dtaobh taitnimh de
- Léiríonn formhór na bpáistí féin-mheas ard i leith na Matamaitice
- Tá go leor áiseanna i dtaobh ábhar coincréiteacha Mata ar fáil sa scoil
- Tá áiseanna ICT iontacha sa scoil chun an módh múinte seo a úsáid go héifeactach (cláracha cliste i ngach seomra, taibléid agus 4 ríomhaire dona páistí i ngach seomra.)
- Tá go leor tacaíocht inranga ar siúl chun cabhrú leis na páistí le deacracht
- Cuireann na múinteoirí béim ar an bproiséas chomh maith leis an bhfreagra (eg na slite difriúla gur féidir an cheist céanna a réiteach)

4.2 Tosaíochtaí feabhsúcháin:

- Ní mór forbairt a dhéanamh ar obair bheirte agus obair ghrúpa mar mhódh múinte
- Ní mór forbairt a dhéanamh ar slite eile seachas eolas an mhúinteora chun teacht timpeall ar deacracht (eg cuir ceist ar “buddy” nó mar sin)
- Ní mór cur chuige uilescoile sainiúil i dtaobh an fhadhb-réiteach de a fhorbairt
- Ní mór eolas a chur ar fáil do thuistí maidir le cur chuige na scoile i dtaobh na hoibríochtaí de
- Ní mór eolas a chur ar fáil do thuistí maidir le cur chuige na scoile i dtaobh suíomhanna Mata de
- Ní mór béim a leagadh ar an gceangailt idir an Mata sa scoil agus an fíorshaol

4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais rialála agus reachtaíochta seo a leanas:

- Tá gach rud suas chun dáta